# An tEaspaig in Árainn Ṁór



coṁra ar an ḃád isteaċ



an t-easbog ag teaċt isteaċ ar ċéiḋ na léibe gainḃe



na báḋaí ag teaċt treasna



an teasbog ag dul isteaċ sa gluaisteán do turas timpeall árann.



comóraḋ onóra de ḃádaí tionlacan



an teasbog ag caint le scolairí coláiste cróna



an tiarna easbog agus a ṗáirtí ar an ḃád



an doċtúir sár oirm. mac ficille agus oifigí agus múinteoirí coláiste cróna

## Is aisteaċ an mac é an saol

Is iomaí lá fuar seaca i lár an ġeiṁriḋ a facṫas Cóilín Ṡeáin Ḟiaċa a' siúl siar ċun na scoile sna bonnaċaí. Ní raiḃ ag muintir Ċóilín aċ ó'n láiṁ go dtí an béal agus go deiṁin d'ḟéadfaḋ a rá naċ raiḃ aon teaċ níos boiċte ná tí Ṡeáin Ḟiaċa ó ċeann ceann an ṗaráiste. Ṫárla gurḃ é Cóilín an t-aon duine den ċlainn a raiḃ luí leis an scoil aige. Ḃí sé ar intinn ag Seán agus ag a ḃean scolaíoċt a ṫaḃairt dó ċoṁ fada 'gus a ḃeidís in acṁainn sa gcaoi go mbeaḋ sé saor ar ċruatan an ḃoċtainis—an rud a ḃí dá mbascaḋ féin.

Gasúr piocúil ab' ea Cóilín ⁊ ba ġearr uaiḋ é féin' árdú sna ranganna. Nuair a ṫáinic sé abaile ó'n scoil tráṫnóna aṁáin, ḃí scéal ċailleaċ an uafáis aige dá aṫair is dá ṁáṫair — ḃí sé aṫraiṫe amaċ sa gcúigiú rang 'gus ní mórán malraċ as Ḃaile na Leasa Móire a ċuaiḋ ċoṁ h-árd sin i scoil an ṗaráiste seo roiṁe. D'inis sé sa mbaile freisin gurḃ é mac an Ḃúrcaiġ a ḃí ina ṡuí sa suíoċán céanna leis anois. Ba duine uasal é an Búrcaċ de ṗór na Sasanaċ a ḃí curṫa faoi sa bparáiste le scór blianta agus ba ṁinic leis féin agus le n-a ṁuintir iondúirí an ċeantair a ṁaslú i gcoṁluadar dá leiṫéide féin, mar nár ċeapadar dóiḃ aċ ainṁuis. Ḃéaḋ an mac seo Risteárd a' taḃairt cúl le cine muna mbeaḋ an tréiṫ céanna ann féin agus ṫug sé le 'spáint go raiḃ agus go smior ann.

Tuige naċ gcuirfeaḋ scéala Ċóilín an tráṫnóna sin ríméad ar Ṡeán Ḟiaċa is ar a ḃean? Go deiṁin féin ċuir, aċ ina ḋiaiḋ sin féin, ḃí rud eicint a' dul idir Ṡeán agus an míméad a ḃeiṫfeá a' súil le ḃeiṫ air. Ḃí a ḋeartáir!—agus údar aige. Ṫuig an t-aṫair sin go rí-ṁaiṫ ó'n nóiméad ar ḋúirt Cóilín go raiḃ sé aṫraiṫe amaċ sa gcúigiú rang go mba ualaċ trom eile sa mullaċ airsin árdú céime a ṁic. Ḃeaḋ air leaḃra agus cóipleaḃra an ċúigiú rang a ċeannaċt don ṁac seo agus ċoṁ maiṫ leis sin naċ mór do ċruaóg na bliana a ċaiṫfeaḋ sé a ḋul ṫríd in éagmais a ċúnaiṁ — malraċ a ḃí trí bliana déag ó Lá Ḃealtaine. Mar sin féin, ḃí Seán is a ḃean lán t-sásta an t-ualaċ seo d'iompar go foiġdeaċ. Mar ba ċaraíos leo é a ċoinneáil ó'n scoil ó ḃí ag éirí ċoṁ maiṫ leis, cé naċ raiḃ an oiread taoḃ ṫiar dóiḃ is a ḋéanfaḋ torann ar lic.

Ċuaiġ bean Ṡeáin ar an margaḋ an Saṫarn dár gcionn le cúpla scór uiḃeaċa is priondа ime agus ċuaiġ sí ċoṁ barrainneaċ den méid a fuair sí ar an im ⁊ ar na h-uiḃeaċa go raiḃ an oiread a' teaċt abaile tirim aici agus a d'íocfaḋ as formór leaḃra Ċóilín.

Ċeannaiġ an méid seo na leaḃra agus na cóipleaḃra ar fad cé is moiṫe de leaḃar tíreolais.

Ċeap Cóilín naċ dtaḃarfaḋ an máistir faoi deara é d'oireasa an leaḃair seo go dtí go dtiocfaḋ a ṁáṫair suas le n-a luaċ le n-a ċeannaċt dó. Ḃí Cóilín a' fáil an tsaoil leis go breá go ceann seaċtaine, aċ an lá seo ní mba leis an máistir bailiṫe é, ḃraiṫ sé d'oireasa an leaḃair é. Ṫug sé lá spáis dó le n'ḟáil agus muna mbeaḋ sé aige ansin, dúirt sé go gcuirfeaḋ sé siar sa ċeaṫrú rang é.

Ċonaic Cóilín go raiḃ sé i gcruaċás anois. Ní raiḃ aon ṗingin de luaċ an leaḃair ag a aṫair ná ag a ṁáṫair le taḃairt dó, 'gus ní mba luaṫ leo ná an diaḃal a ḋul ag iarratas ar aon duine. Ní raiḃ ag an mac sin aċ a aġaiḋ a ṫaḃairt ar an scoil lá arna ṁáraċ gan feoirling ag an duine boċt leis an leaḃar a ċeannaċt.

(Ar lean.)